Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12209/25**

**ENT 139**
**MI 592**
**COMPET 812**
**IND 309**
**ENV 767**
**TRANS 336**
**DELACT 115**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4852 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 23.7.2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála chun mótarfheithiclí atá feistithe le córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a cheadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4852 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 4852 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2025
C(2025) 4852 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.7.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála chun mótarfheithiclí atá feistithe le córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a cheadú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], sainordaítear feistiú chóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 ar gach cineál nua feithicle de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ ón 31 Márta 2018 ar aghaidh. An córas eCall, diailíonn sé an uimhir éigeandála Eorpach - 112 - go huathoibríoch i gcás timpiste thromchúiseach bóthair, rud a laghdaíonn an t-am freagartha agus a shábhálann beatha daoine dá bharr.

Le hAirteagal 5(8) den Rialachán sin, tugtar cumhachtaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus na nósanna imeachta tástála i gcomhair chineálcheadú CE feithiclí i dtaca lena gcórais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus maidir le cineálcheadú CE córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh eCall infheithicle atá bunaithe ar 112. Leagtar síos na ceanglais agus na nósanna imeachta sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 ón gCoimisiún[2].

Is é is aidhm don Rialachán Tarmligthe seo ón gCoimisiún na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a mhodhnú chun iad a dhéanamh neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, chun feabhas a chur ar struchtúr na dtástálacha agus chun tuilleadh tástála a áireamh le haghaidh an tsoláthair cumhachta cúltaca (má tá sé feistithe) agus le haghaidh sholáthar tánaisteach cumhachta na feithicle.

Leagtar amach sa Rialachán freisin forálacha chun ullmhacht an chórais eCall infheithicle le haghaidh tástáil thréimhsiúil ródacmhainneachta a áirithiú i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Déantar foráil maidir le haga seachadta le haghaidh monaróirí agus údaráis náisiúnta chun ullmhú do chur chun feidhme na gceanglas nua go dtí an 1 Eanáir 2028.

Ina theannta sin, déantar foráil leis an Rialachán maidir le rialacha i dtaca le ceaduithe córas eCall infheithicle a oibríonn thar líonraí cumarsáide ciorcadlasctha a leathnú chun a áirithiú go leanann siad den chuspóir a chomhlíonadh tar éis an aistrithe chuig teicneolaíocht cumarsáide paicéadlasctha.

Leasaítear leis an Rialachán freisin Airteagal 5(8) de Rialachán (AE) 2015/758 chun na leaganacha de na caighdeáin dá dtagraítear ann a nuashonrú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Agus an gníomh seo á ullmhú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe agus páirtithe leasmhara ó na Ballstáit ag cruinnithe na Meithle um Mótarfheithiclí a tionóladh an 4 Iúil, an 10 Meán Fómhair agus an 8 Deireadh Fómhair 2024, inar deimhníodh a gcuid tacaíochta ghinearálta. D'fhormhuinigh ionadaithe na mBallstát an gníomh le linn chruinniú Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát - Mótarfheithiclí a tionóladh an 6 Bealtaine 2025.

I gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr, foilsíodh an gníomh tarmligthe ar an tairseach 'Cloisimis Uait' ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine idir an 28 Márta 2025 agus an 25 Aibreán 2025. Ar an iomlán, thug 11 pháirtí leasmhar aiseolas. Rinne an Coimisiún breithniú cúramach ar na barúlacha uile a cuireadh isteach agus thug sé dá aire iad.

[1] IO L 123, 19.5.2015, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/758/oj
[2] IO L 12, 17.1.2017, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/79/oj
[3] IO L 127, 29.4.2014, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is bunús dlí leis an ngníomh tarmligthe seo Airteagal 5(8) agus (9) agus Airteagal 6(12) de Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.7.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála chun mótarfheithiclí atá feistithe le córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a cheadú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112 a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE[1], agus go háirithe Airteagal 5(8) agus (9) agus Airteagal 6(12) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2015/758, ceanglaítear córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a fheistiú i ngach cineál nua feithicle de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$.

(2) Sa Teachtaireacht maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún[2], sainaithnítear an gá atá le creat dlíthiúil eCall a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí teileachumarsáide nua.

(3) Tá liosta de chaighdeáin Eorpacha agus sonraíochtaí teicniúla i Rialachán (AE) 2015/758, ar caighdeáin iad ar a bhfuil na ceanglais theicniúla maidir le córais eCall agus feithiclí atá feistithe leis na córais sin a cheadú bunaithe.

(4) Ghlac an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin nua EN 17184:2024 agus EN 17240:2024 a thagann i ndiaidh na sonraíochtaí teicniúla CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018 faoi seach. Ina theannta sin, tá athruithe ábhartha le haghaidh eCall sa leagan nua de chaighdeán EN 16072:2025. Dá réir sin, ba cheart na tagairtí do na sonraíochtaí teicniúla agus do na caighdeáin theicniúla faoi seach in Airteagal 5(8) de Rialachán (AE) 2015/758 a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 ón gCoimisiún[3], bunaítear ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus nósanna imeachta tástála chun na córais eCall infheithicle atá

---

[1] IO L 123, 19.5.2015, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/758/oj.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí], COM/2020/789 final an 9.12.2020.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus nósanna imeachta tástála maidir le cineálcheadú CE mótarfheithiclí i ndáil lena gcórais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112, le haghaidh aonaid theicniúla

bunaithe ar 112 agus mótarfheithiclí atá feistithe leis na córais sin a cheadú. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála sin chun neodracht theicneolaíoch a áirithiú agus chun cur chun feidhme na modhanna tástála atá il-oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de a chumasú.

(6) Chun éifeachtacht fhéintástáil an chórais eCall infheithicle a áirithiú, is gá foráil a dhéanamh gur cheart na cineálacha teipeanna a thástáil ar leithligh.

(7) Chun ullmhacht an chórais eCall infheithicle le haghaidh na tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta a áirithiú i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], is gá foráil a dhéanamh maidir leis na ceanglais theicniúla shonracha a bheidh le comhlíonadh tráth an chineálcheadaithe chun an tástáil ródacmhainneachta a éascú le linn shaolré na mótarfheithiclí.

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar fíorú easpa inrianaitheachta an eCall infheithicle gan débhríocht, is gá an t-iompar a bhfuil coinne leis a shonrú tar éis an eCall a dhéanamh.

(9) Chun a áirithiú go bhfuil struchtúr na nósanna imeachta tástála comhsheasmhach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh sna hiarscríbhinní sin idir na dálaí tástála, na modhanna tástála agus an measúnú.

(10) Is gá forálacha a leagan amach lenar féidir ceaduithe a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2027 a leathnú chun córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a oibríonn thar líonraí cumarsáide ciorcadlasctha a chumhdach chun a áirithiú go leanann siad den chuspóir a chomhlíonadh tar éis an aistrithe chuig teicneolaíocht cumarsáide paicéadlasctha.

(11) Chun a áirithiú go mbeidh an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 oibríochtúil fós i gcás ina mbeidh príomhsholáthar cumhachta na feithicle dícheangailte, is gá foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta tástála le haghaidh an tsoláthair cumhachta cúltaca (má tá sé feistithe) agus le haghaidh sholáthar tánaisteach cumhachta na feithicle, a d'fhéadfaí a úsáid tar éis timpiste bhóthair san fheithicil.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2015/758 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 a leasú dá réir.

(13) Chun aga seachadta leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit, do na húdaráis náisiúnta agus do mhonaróirí chun na hathruithe a chur chun feidhme, ba cheart cur i bhfeidhm sainordaitheach chaighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024 a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2027. Ina theannta sin, is gá forálacha idirthréimhseacha a leagan amach maidir le cur chun feidhme na gceanglas nua i dtaca le soláthar cumhachta cúltaca agus soláthar tánaisteach cumhachta feithicle an chórais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus maidir le hullmhacht le haghaidh tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar chineálacha nua feithiclí a bhfuil na córais sin acu,

---

ar leithligh agus comhpháirteanna eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus lena bhforlíontar agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na díolúintí agus na caighdeáin is infheidhme (IO L 12, 17.1.2017, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/79/oj).

[4] Treoir 2014/45/AE 2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2015/758**

In Airteagal 5(8), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2015/758, leasaítear pointí (a) go (c) mar a leanas:

(1) i bpointe (a), cuirtear ‘EN 16072:2025’ in ionad ‘EN 16072:2022’.

(2) i bpointe (b), cuirtear ‘EN 17184:2024’ in ionad ‘CEN/TS 17184:2022’.

(3) i bpointe (c), cuirtear ‘EN 17240:2024’ in ionad ‘CEN/TS 17240:2018’.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/79**

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/79 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an pointe (12) seo a leanas isteach:

‘(12) ciallaíonn ‘eCall tástála’ eCall chun críoch tástála, ar féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir é agus eCall fíor nó nach sroicheann an Pointe Freagartha Sábháilteachta Poiblí (‘PFSP’).’;

(2) in Airteagal 5, cuirtear an mhír (4) seo a leanas leis:

‘4. Chun síneadh a chur le cineálcheadú CE a deonaíodh i gcomhréir le mír (1) roimh an 1 Eanáir 2027, féadfaidh an tseirbhís theicniúil córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a dhíolmhú ó thástáil tuairte iomlán mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus ón tástáil maidir le trealamh fuaime ina dhiaidh sin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III. Déanfaidh an monaróir na hathruithe ar an gcóras modhnaithe eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 i gcomparáid leis an gcóras a ceadaíodh cheana a dhoiciméadú agus a mhíniú don tseirbhís theicniúil agus don údarás cineálcheadaithe:

(a) I gcás ina modhnaítear an pháirt chumarsáide gan tionchar a bheith aici ar chomhpháirteanna eile den chóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus ina ndéantar tástáil tuairte feithicle chun críoch eile, áireofar an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 agus an tástáil tuairte iomlán mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus an tástáil maidir le trealamh fuaime ina dhiaidh sin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.

(b) I gcás ina mbeidh tionchar ag modhnú na páirte cumarsáide de chóras eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 ar a pháirteanna eile, déanfar an tástáil tuairte iomlán mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus an tástáil maidir le trealamh fuaime ina dhiaidh sin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.’;

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh cineálcheadú CE le haghaidh aonad teicniúil faoi leith eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 faoi réir pas a bhaint amach ag an aonad teicniúil faoi leith sna tástálacha a leagtar síos in Iarscríbhinní I, IV, VI, VII agus VIII agus na ceanglais ábhartha a leagtar síos sna hIarscríbhinní sin a bheith á gcomhlíonadh aige. I gcás ina mbeidh an t-aonad teicniúil faoi leith feistithe le foinse cumhachta cúltaca, comhlíonfaidh sé na ceanglais agus beidh sé faoi réir an nós imeachta tástála a leagtar síos in Iarscríbhinn X.’;

(4) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(7) leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(8) leasaítear Iarscríbhinn VII i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) leasaítear Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(10) Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear isteach mar Iarscríbhinn X í.

*Airteagal 3*

***Forálacha idirthréimhseacha***

(1) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, diúltóidh údaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua ná síntí nua a dheonú le haghaidh ceaduithe atá ann cheana le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018 nó caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024, má iarrann monaróir amhlaidh.

(2) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua a dheonú le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad sin caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024.

(3) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, i gcás feithiclí nua arna gceadú tar éis an 31 Márta 2018 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/758, nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018 nó caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/858.

(4) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2028, i gcás feithiclí nua arna gceadú tar éis an 31 Márta 2018 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/758, nach gcomhlíonann caighdeáin EN 17184:2024 agus EN 17240:2024, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/858.

(5) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2028, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua a dheonú le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad sin na ceanglais theicniúla chun tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta a chumasú i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79 arna leasú leis an Rialachán seo.

(6) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua a dheonú le haghaidh feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann siad sin na ceanglais maidir le feidhmíocht na tsoláthair

cumhachta cúltaca i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(2) agus (3) ón 1 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*